



Oifigeach Togra (CODIL)

Conradh sainchuspóra suas le 3 bliana atá i gceist leis an bpost seo. Beidh an post lonnaithe in Oifigí Údarás na Gaeltachta i nGaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall.



I gcomhar le páirtnéirí eile Eorpacha, tá Údarás na Gaeltachta páirteach sa togra *COVID-Disrupted Regional Innovation Ecosystems (CODIL)*, clár taighde chun polasaithe nuálaíochta nua agus tacaíochtaí cuí oiliúna agus oideachais agus dreasachtaí ábharacha a chur ar fáil chun infheistíocht dhigiteach a mhealladh chun na Gaeltachta. Tá an clár seo á mhaoiniú faoi chlár INTERREG Europe de chuid an Aontais Eorpaigh.

An Ról:

Mar chuid d'fheidhmiú an togra seo, tá post á thairiscint mar Oifigeach Togra sa Rannóg Fiontraíochta agus Fostaíochta ar bhunús conartha sainchuspóra. Beidh an tOifigeach Togra freagrach as comhordú a dhéanamh ar chlár oibre CODIL atá le reáchtáil sa Ghaeltacht agus a thacóidh le forbairt polasaithe, tacaíochtaí, agus dreasachtaí don earnáil dhigiteach sa Ghaeltacht agus go háirithe don ghréasán gteic.

Dualgais:

Beidh an té a cheapfar freagrach as cuidiú le cur i bhfeidhm an togra CODIL sa Ghaeltacht trí thacú le forbairt na nuálaíochta i measc comhlachtaí beaga agus meánmhéide i gceantar tuaithe, trí oiliúint agus oideachas i scileanna digiteacha a chur chun cinn, trí sheirbhísí digiteacha agus teicneolaíochta a chur chun cinn i ngréasán gteic na Gaeltachta agus trí thacú leis an éiceachóras nuálaíochta sa Ghaeltacht a fheabhsú. Oibreofar le páirtnéirí eile san Eorpa chun dea-chleachtas a aithint agus bainfear leas as an togra chun deiseanna forbartha san earnáil dhigiteach agus teicneolaíochta i dtréimhse iar-Covid a aithint agus a thapú.

An Duine:

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Líofacht i labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Cáilíocht tríú leibhéal ábhartha
- Taithí oibre ábhartha 3 bliana, ar a laghad, tar éis na céime
- Tuiscint agus taithí ar chórais bainistíochta gnó nó riarachán poiblí
- Tuiscint agus taithí ar nuálaíocht agus ar theicneolaíochtaí digiteacha ina bhuntáiste
- Tuiscint agus taithí ar fheidhmiú cláracha taighde Eorpacha inmhianaithe
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta
- Ardscileanna eagrúcháin, ríomhaireachta agus riaracháin

Íocfar scála tuarastail idir €36,000- €40,000 sa bhliain ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Seol iarratas, mar aon le do CV as Gaeilge, roimh **4:00 i.n., 14 Aibreán 2023** chuig: foluntais@udaras.ie nó chuig:

An Feidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.